

Shligigh Sligo

Straitéis Chultúir agus
Chruthaitheachta 2018–2022

Culture and Creativity
Strategy 2018–2022



Ábhar

Contents

1	Réamhrá <i>Foreword</i>
2	An Cultúr agus an Chruthaitheacht i Sligeach <i>Culture and Creativity in Sligo</i>
3	Fís Éire Ildánach do Shligeach <i>The Creative Ireland Vision for Sligo</i>
4	Luachanna Éire Ildánach i Sligeach <i>The Creative Ireland Values in Sligo</i>
5	Tosaíochtaí do Shligeach <i>Priorities for Sligo</i>
6	Plean Forfheidhmiúcháin <i>Implementation Plan</i>
7	Conclúid <i>Conclusion</i>
8	Gluais téarmaí <i>Glossary of terms</i>



1 Réamhrá Foreword

MAR PHRÍOMHIONAD CULTÚIR an Iarthuaiscirt, tá Sligeach ag tnúth le ról mór a bheith aige i ndáil le fíis chláir Éire Ildánach a chur i gcrích. Tá an deis seo á tapú ag Comhairle Chontae Shligigh agus, tríd an bplean straitéiseach seo, cuirfear an saibhreas iontach cultúir agus cruthaitheachta atá le fáil ar fud an chontae ar taispeáint agus leanfar de bheith ag feabhsú agus ag cothú fhorbairt an chultúir agus na cruthaitheachta inár gcuid pobal. Le tamall maith de bhlianta, tá Comhairle Chontae Shligigh tar éis forbairt a dhéanamh ar ár bpobail chruthaitheacha, agus tacaíocht a thabhairt dóibh, trí chláir agus trí sheirbhísí éagsúla cultúir agus, tríd an bplean straitéiseach seo, beidh tuilleadh cabhrach le fáil le haghaidh na haidhme atá againn maidir le rannpháirtíocht phobail níos mó a chothú agus maidir le deiseanna a sholáthar do gach uile shaoránach barr a gcumais a bhaint amach ó thaobh cúrsaí cruthaitheachta de.

Tá aitheantas ag Contae Shligigh mar gheall ar chultúr agus oidhreacht agus, le cuid mhór bliana anuas, tá a thórdhreach mórthaibhseach, a oidhreacht shaibhir chultúir, a chuid ceoil agus a phobail tar éis daoine a mhealladh anseo agus tar éis feidhmiú mar inspioráid do dhaoine cruthaitheacha. Tá an cultúr agus an chruthaitheacht de dhlúth agus d'inneach i gContae Shligigh agus aithnítear clú cultúir Shligigh ar fud an domhain mar “Dúiche Yeats”.

Le linn an straitéis seo a dhréachtú, leagadh béim ar thuairimí agus barúlacha na bpobal dá bhfónaimid a fháil. Bhíomar an-sásta leis na freagraí a fuarthas ónár bpobail i leith an phróisis comhairliúcháin phoiblí agus, chomh maith leis sin, leis na smaointe agus na moltaí a fuarthas. Bhí téamaí amhail comhoibriú agus rannpháirtíocht agus an gá le healaíontóirí agus daoine cruthaitheacha a chur i dteagmháil le pobail chun tosaigh go mór sa chomhairliúcháin

AS THE CULTURAL Capital of the North West, Sligo looks forward to playing a leading role in delivering the Creative Ireland programme vision. Sligo County Council embraces this opportunity through this strategic plan to display to all the tremendous wealth of culture and creativity which is to be found throughout the county and to continue to improve upon and nurture its continuous development in our communities. For many years Sligo County Council has developed and supported our creative communities through various cultural programmes and services and this strategic plan will further assist in our aim of realising greater community participation and in the provision of opportunities to each citizen to realise their full creative potential.

County Sligo has become synonymous with culture and heritage as its remarkable landscape, rich cultural heritage, music and people has for many years attracted or appealed to generations of creatives. County Sligo is the very essence of culture and creativity as Sligo's cultural pedigree is known throughout the world as “Yeats Country”.

In drafting this strategy an emphasis was placed upon seeking the views and opinions of the communities we serve. We were delighted with the response from our communities to the public consultation process and also by the ideas and suggestions received. Themes such as collaboration and participation and the need to connect artists and creatives to communities came across strongly in the public consultation and these themes are placed at the heart of this strategic vision.

The role envisaged for Sligo County Council by Creative Ireland is to enable creativity in every community and this is a challenge we welcome as Sligo County Council has for many years played a significant role in supporting artists,

poiblí agus tá na téamaí sin i gcoirílár na físe straitéisí seo.

Is é atá sa ról atá á shamhlú ag Éire Ildánach do Chomhairle Chontae Shligigh ná cruthaitheach a chumasú i ngach pobal agus is dúshlán é sin a gcuirimid fáilte roimhe ós rud é go bhfuil Comhairle Chontae Shligigh tar éis ról suntasach a bheith aige i dtaca le tacú le healaíontóirí, le daoine cruthaitheacha agus leis an réimse cultúir ar fud an chontae. I gComhairle Chontae Shligigh, measaimid go bhfuil an cultúr agus an chruthaitheacht ina gcuid riachtanach dár bhféiniúlacht mar phobal agus ina mórchuid de chomhdhéanamh na sochaí agus, dá bhrí sin, leanfaidh Comhairle Chontae Shligigh de thacaíocht agus spreagadh a thabhairt dár bpobail chun bheith páirteach i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta.

An Cathaoirleach, an Comhairleoir Seamus Kilgannon

An Príomhfheidhmeannach, an tUas.
Ciarán Hayes

creatives and culture throughout the county. We in Sligo County Council view culture and creativity as an essential part of who we are as a community and a major part of the fabric of society and as such Sligo County Council will continue to support and encourage our communities to engage in culture and creativity.

Cathaoirleach Councillor Seamus Kilgannon
Chief Executive Mr. Ciarán Hayes

Image caption in
Irish goes here
Image caption in
English goes here



2

An Cultúr agus an Chruthaitheacht i Sligeach

Culture and Creativity in Sligo

TÁ A IOMRÁ mar phríomhionad cultúir Iarthuaisceart na hÉireann tuillte go maith ag Sligeach, agus é suite ar imeall Shlí an Atlantaigh Fhiáin, tá tírdhreach thar a bheith saibhir ann, tá sé ar maos san oidhreacht chultúir agus bíonn flúirse imeachtaí ealaíon agus cruthaitheachta ar siúl ann. Maíonn Sligeach as líon láithreán oidhreacht nach bhfuil a shárú le fáil aon áit eile in Éirinn, lena n-áirítear an Cheathrú Chaol agus an Cheathrú Mhór, áit adhlactha na Banríona Maedhbh ar bharr Chnoc na Riabh, agus uaigh bhuaiteoir Dhuais Nobel, W.B. Yeats, agus an méid sin ar fad suite os comhair ‘ceann lom Bhinn Ghulbain’ (‘bare Benbulbin’s head’). Leanann an tírdhreach saibhir, an tseandálaíocht agus an áilleacht nádúrtha sin, a bhí mar inspioráid do Mhuintir Yeats os cionn céad bliain ó shin, de líon mór ealaíontóirí agus cruthaitheoirí a mhealladh chun cónaí a dhéanamh i Sligeach sa lá atá inniu ann.

Tá iomrá ar Shligeach freisin mar gheall ar ‘Stíl Fidléireachta Shligigh’ agus is de bhunadh Shligigh cuid mhór ceoltóirí cáiliúla a tháinig chun cinn thar na blianta. Tá ceoltóirí ceannródaíochta ann, amhail James Morrison agus Michael Coleman, mar aon le ceoltóirí comhaimseartha a bhaineann le gach seánra ceoil agus tá ionad uathúil bunaithe ag Sligeach mar ionad ceoil bheo den scoth. Tá an réimse bríomhar ilchineálach ceoil sin á chothú trí raon leathan sraitheanna, féilte agus scoileanna ceoil ar fud na bliana. I measc na bpríomhimeachtaí áirítear sraitheanna iontacha ceoil le Con Brio, Féile Idirnáisiúnta Ceoil Aireagail Shligigh atá ann le 19 mbliana anois, Córthéile Idirnáisiúnta Shligigh, féile cheoil tíre agus sean-nóis dar teideal Sligo Live, sainfhéile snagcheoil agus scoil samhraidh, Sligo Jazz, chomh maith le Féile Cheoil Bharócaigh Shligigh.

Déantar Ceol Shligigh a chothú tuilleadh trí chláir bhisiúla ardchaighdeán ceoil a chur ar fáil,

HOME TO AN incredibly rich and diverse landscape, steeped in cultural heritage and abundant with a thriving arts and creative scene - Sligo – perched on the edge of the Wild Atlantic Way, has rightly earned its title as the cultural capital of Ireland’s North West. Sligo boasts a wealth of unparalleled heritage sites including Carrowkeel and Carrowmore, the burial place of Queen Maebh atop Knocknarea and the burial site of poet laureate W.B. Yeats, all this against the striking backdrop of ‘bare Benbulbin’s head’. This rich landscape, archaeology and natural beauty that inspired the Yeats Family over a century ago, continues to entice a wealth of artists and makers to call Sligo their home today.

Noted too for a rich musical heritage and for its very own ‘Sligo Style’ of fiddling, Sligo has produced many notable musicians throughout history. From traditional music pioneers such as James Morrison and Michael Coleman through to contemporary musicians across all genres, Sligo has carved a unique reputation as the home of exceptional live music. This vibrant and diverse music scene is nurtured through a variety of music series, festivals and schools throughout the year. Highlights include the exceptional classical music series by Con Brio, the Sligo International Chamber Music Festival now in its 19th year, the Sligo International Choral Festival, folk and roots festival Sligo Live, dedicated jazz festival and summer school, Sligo Jazz, as well as the Sligo Festival of Baroque Music.

Sligo Music is further nurtured through the provision of thriving, high-quality music education programmes which include Sligo Academy of Music, a wealth of Comhaltas groups, summer schools including the South Sligo Summer School, Feis Ceoil and Feis Shligigh and the exceptional Music Generation programme. Upon studying the music scene in

lena n-áirítear Acadamh Ceoil Shligigh, raidhse grúpaí de chuid Chomhaltas Ceoltóirí Éireann, scoileanna samhraidh, amhail Scoil Samhraidh Shligigh Theas, Feis Cheoil agus Feis Shligigh agus clár iontach Music Generation. Tar éis dó staidéar a dhéanamh ar an réimse ceoil i Sligeach, dúirt an Sainchomhairleoir Ealaíon, Fergus Shiels, “gur féidir le Sligeach é féin a chur chun cinn, go firinneach, mar ionad sármhaitheasa ó thaobh cúrsaí ceoil de”.

Faigheann saol cultúir Shligigh tacaíocht ó infreastruchtúr láidir cothaitheach ina gcuimsítear ionaid agus eagraíochtaí ghairmiúla amhail The Model, The Hawk’s Well, The Yeats Society, Blue Raincoat Theatre Company, Féile Ealaíon Shligigh ar a dtugtar Féile Chairde, agus The Coleman Centre i nGoirtín. Is sa Model atá Bailiúchán Niland, is é sin, ceann de na bailiúcháin phoiblí ealaíne is suntasaí dá bhfuil ann in Éirinn, ar bailiúchán é ar bhunaigh Nora Niland é sa bhliain 1959. Ina theannta sin, bíonn sraith taispeántas comhaimseartha, de chineál náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar siúl sa scoil dhormánta seo atá athchóirithe de réir na gcaighdeán is nua-aimseartha dá bhfuil ann.

Tá raon ionad agus imeachtaí ann ar fud phobail Shligigh le haghaidh gníomhaíochtaí cultúir agus cruthaíochta, lena n-áirítear ionaid phobail, féilte agus scoileanna ceoil, ealaíontóirí cónaitheacha agus stiúideonna cruthaitheachta. Tá Comhairle Chontae Shligigh tiomanta i leith an réimse saibhir cultúir agus cruthaitheachta sin a chothú agus fáiltíonn sí roimh na deiseanna go léir atá á gcur ar fáil chuige sin laistigh d’Éire Ildánach.

Tá Leabharlann Shligigh agus Músaem Contae Shligigh lonnaithe in dhá fhoirgneamh lena ngabhann tábhacht ailtireachta agus staire. Bhí an Leabharlann ina hEaglais Phobalda tráth, agus is foirgneamh é lena mbaineann stíl ghotach agus a dearadh agus a tógadh sa

Sligo, Arts Consultant Fergus Sheils has claimed “Sligo can legitimately present itself as a centre of excellence for music”.

Sligo’s cultural life enjoys the support of a strong and nurturing infrastructure with professional venues and organisations such as The Model, The Hawk’s Well, The Yeats Society, Blue Raincoat Theatre Company, Cairde Sligo Arts Festival and The Coleman Centre in Gurteen. The Model houses the Niland Collection, one of Ireland’s most significant public art collections which was founded by Nora Niland in 1959. This state of the art renovated dormer school also hosts a series of national and international contemporary exhibitions.

Sligo has a variety of venues and community centres, festivals and music schools, resident artist and creative studios throughout its rural communities. Sligo County Council is committed to nurturing this rich cultural and creative scene and embraces all of the opportunities presented within Creative Ireland to do this.

Sligo Library and Sligo County Museum are housed in two buildings of architectural and historical note. The Library was a former gothic style Congregational Church, designed and built in 1851 and renovated in 1954. The Manse, situated beside the church was converted into Sligo County Museum in 1955. Between them, they host a wealth of artefacts, scripts, photographs and memorabilia. Sligo

County Council is committed to preserving these important cultural institutions and collections, alongside reviewing the infrastructural deficits in public access to these services and collections.

Sligo Library, has firmly established itself at the heart of the Sligo community, with a county-wide brief, branch network & venues and

bhliain 1851 agus a athchóiríodh sa bhliain 1954. Tá an Mansa suite taobh leis an eaglais agus athchóiríodh é sa bhliain 1955 mar fhoirgneamh le haghaidh Mhúsaem Contae Shligigh. Tá flúirse déantán, scrípteanna, grianghraf agus earraí cuimhneacháin ann sa dá fhoirgneamh. Tá Comhairle

Chontae Shligigh tiomanta i leith na hinstitiúidí tábhachtacha agus na bailiúcháin thábhachtacha sin a chaomhnú agus, ag an am céanna, i leith breithniú a dhéanamh ar na heasnamh infreastruchtúir atá ann maidir le rochtain an phobail ar na seirbhísí sin agus ar na bailiúcháin sin.

Tá Leabharlann Shligigh go daingean i gcroílár phobal Shligigh, tá sí gníomhach ar fud an chontae, tá líonra brainsí agus ionad aici agus cuireann sí raon leathan tionscnamh ar siúl atá dírithe ar thacú le cruthaitheacht, le cultúr agus leis na healaíona e.g. Work Matters, Europe Direct, priontáil 3D agus imeachtaí amhail The Word, is é sin, tionscnamh nua comhoibríoch idir an fhoireann agus mic léinn de chuid an chúrsa BA (Hons) i Scríbhneoireacht agus Litríocht in Institiúid Teicneolaíochta Shligigh.

Tá Compántas Amharclannaíochta Blue Raincoat lonnaithe sa Factory ar seamlas athchóirithe é - tá Blue Raincoat i measc na gcompántas amharclannaíochta is uailmhianáí agus is nuálaí dá bhfuil ann in Éirinn. Léiríonn sé saothair úrnua. Téann siad ar camchúairt in Éirinn agus i dtíortha eile chomh maith le hacadamh bliantúil amharclannaíochta a reáchtáil. Cuireann Féile Ealaíon Shligigh ar a dtugtar Féile Chairde clár ildisciplíneach ardchaighdeáin ar fáil a mbíonn ealaíontóirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta páirteach ann.

Tá sé mar aidhm ag an Coleman Centre ceol traidisiúnta Shligigh Theas a chaomhnú, a chur chun cinn agus a chothú. Tá scoil

a wide range of initiatives aimed at supporting creativity, culture and the arts, e.g. Work Matters, Europe Direct, 3D printing and events such as The Word, an exciting new collaboration with staff and students of the BA (Hons) in Writing and Literature IT Sligo.

The Factory, a renovated abattoir, is home to Blue Raincoat Theatre Company - one of Ireland's most ambitious and innovative theatre companies. The ensemble-based company produces original work. They tour nationally and internationally as well as running an annual theatre academy. Cairde Sligo Arts Festival presents a programme of high calibre multi-disciplinary art featuring local, national and international artists.

The aim of the Coleman Centre is to preserve, promote and foster the traditional music of South Sligo. The building in Gurteen houses a music school, theatre and visitor centre. The semi-professional drama scene is alive and thriving with annual highlights such as the Western Drama Festival in Tubbercurry each year. Hundreds of members from the community are actively involved in producing and presenting theatre in Sligo year-round. The future of drama is secure with the exceptional work of County Sligo Youth Theatre and the many drama schools which thrive throughout the county.

The Yeats Society is committed to celebrating the vast and rich legacy of the Yeats family in Sligo. Highlight events taking place at the Yeats building include the annual Yeats Summer School now in its 59th year.

The Hawk's Well Theatre is a vibrant centre for established, emerging and semi-professional artists across all art forms and genres. The theatre collaborates regularly with a wide variety of community groups and festivals, presents some of the country's most renowned

cheoil, amharclanna agus ionad cuairteoirí ann san fhoirgneamh i nGoirtín. Tá an réimse leathghairmiúil beo agus bisiúil agus bíonn buaicphointí bliantúla amhail Féile Drámaíochta an Iarthair ar siúl gach bliain i dTobar an Choire. Glacann na céadta duine den phobal páirt ghníomhach i léiriú agus i gcur i láthair míreanna amharclannaíochta i Sligeach ar fud na bliana. Tá todhchaí na drámaíochta slán mar thoradh ar obair iontach Amharclann Óige Chontae Shligigh agus an iliomad scoileanna drámaíochta atá ann ar fud an chontae.

Tá Cumann Yeats tiomanta i leith ceiliúradh a dhéanamh ar oidhreacht mhór shuibhir mhuintir Yeats i Sligeach. I measc na bpríomhimeachtaí a bhíonn ann i bhfoirgneamh Yeats áirítear Scoil Samhraidh Yeats a bhíonn ar siúl gach bliain agus atá ann le 59 mbliana anois.

Tá an Hawk's Well Theatre ina ionad beoga d'ealaíontóirí cruthaithe, d'ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn agus d'ealaíontóirí leathghairmiúla de chuid gach cineál agus seánra ealaíne. Is minic a chomhoibríonn an amharclann le grúpaí agus le féilte pobail, léiríonn sí cuid de na míreanna is iomráit de chuid na tíre, bíonn míreanna ceoil, damhsa agus grinn ar siúl inti agus, chomh maith leis sin, coimisiúnaíonn sí saothair nua.

Bíonn ceol beo úrnua ann i dtithe tábhairne Shligigh gach oíche den tseachtain. Tá aitheantas idirnáisiúnta faighte i leith na n-imeachtaí beoga cultúir sin trí Ghradam na Brataí Corcra - is é sin, creidiúint a ligeann do dhaoine den phobal ionaid a sholáthraíonn gníomhaíochtaí cultúir oíche atá siamsúil, sábháilte agus ilghnéitheach a shainaithint go tapa i mbailte agus i gcathracha.

Níl sárú le fáil ar oidhreacht litríochta Shligigh. Chomh maith le W.B. Yeats, tá Dermot Healy agus Leland Bardwell, a fuair bás le déanaí, Brian Leyden, Una Mannion, Eoin McNamee, Kevin Barra ann, mar aon le cuid mhór daoine

theatre, music, dance and comedy as well as commissioning the creation of new work.

Sligo's pubs host original live music on any given night of the week. This vibrant cultural offering has been recognised internationally through the Purple Flag Award – an accreditation, which allows members of the public to quickly identify town and city centres, which offer an entertaining, safe and diverse cultural nightlife.

Sligo's literary heritage is second to none. From poet laureate W.B. Yeats through to Dermot Healy and Leland Bardwell, recently passed away, Brian Leyden, Una Mannion, Eoin McNamee, Kevin Barry and many others continue to carry the torch of the written word in Sligo today. The Institute of Technology, Sligo has recently set up a new BA in writing and literature. The foundation of this degree course is testament to the richness of Sligo's written word and will further develop its vibrant literary heritage, one that stretches back as far as the 14th century with the Ancient Book of Ballymote and the Great Book of Lecan. Yeats Day and the Tread Softly Festival celebrate the legacy of W.B. Yeats and the wider Yeats family through a series of visual art and spoken word events.

The diversity of Sligo's landscape, mythology, natural and built heritage is paralleled with a culturally rich and diverse society. As a natural part of a worldwide trend in globalisation, Sligo has become home to a diversity of nationalities, whose own cultural traditions are now interweaving within the fabric of cultural life in Sligo. Globe House is a direct provision centre for asylum seekers based in Sligo. Many who have gone through the asylum process have now put down roots in Sligo. This cultural melting pot is celebrated year-round through programmes such as Sligo Global Kitchen, Sligo Intercultural Forum and at

eile atá ag leanúint de bheith ag saothrú i réimse an fhocail scríofa i Sligeach sa lá atá inniu ann. Chuir Institiúid Teicneolaíochta Shligigh cúrsa nua BA, i scríbhneoireacht agus litríocht, ar bun le déanaí Is ionann bunú an chúrsa céime sin agus teist ar shaibhreas an fhocail scríofa i Sligeach agus forbróidh sé an oidhreacht bheoga litríochta tuilleadh, ar oidhreacht í a shíneann chomh fada siar leis an 14ú haois i bhfoirm Leabhar ársa Bhaile an Mhóta agus Leabhar Mór Leacáin. Déantar ceiliúradh ar oidhreacht W.B. Yeats le linn Lá Yeats agus Fhéile Tread Softly agus déantar ceiliúradh ar mhuintir Yeats i gcoitinne trí shraith imeachtaí amharcealaíne agus focail labhartha.

Chomh maith le héagsúlacht thírdhreach, mhiotaseolaíocht, agus oidhreacht nádúrtha agus oidhreacht fhoirgnithe Shligigh, tá sochaí saibhir ilghnéitheach, ó thaobh cúrsaí cultúir de, ann freisin. Mar chuid nádúrtha den treocht domhandaithe atá ann ar fud na cruinne, tá cuid mhór náisiúntachtaí éagsúla ann i Sligeach agus tá traidisiúin chultúir na náisiúntachtaí sin ag meascadh le comhdhéanamh shaol cultúir Shligigh anois. Tá Globe House ina ionad soláthair dhírigh do dhaoine atá lonnaithe i Sligeach agus a bhfuil tearmann á lorg acu. Tá cuid mhór daoine a bhfuil páirt glactha acu sa phróiseas tearmainn tar éis ag cur fúthu i Sligeach anois. Déantar an meascán mearaí cultúir sin a cheiliúradh i rith na bliana trí chláir amhail Sligo Global Kitchen agus Sligo Intercultural Forum agus le linn féilte bliantúla amhail Féile Lá Fhéile Pádraig agus Féile Ealaíon Shligigh.

Soláthraíonn limistéir thuaithe Shligigh saibhreas soláthraithe bia agus siúlán agus rianta dúlra. Mar thoradh ar Sligo Food Trail a bunaíodh le déanaí tá feabhas curtha ar an rochtain ar an raon soláthraithe iontacha bia atá ann feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

annual festivals such as St. Patrick's Day Festival and the Sligo Arts Festival.

Sligo's rich countryside provides us with a wealth of food providers, nature walks and trails. The recently established Sligo Food Trail improves access to the range of exceptional food providers dotted along Sligo's Wild Atlantic Way.

The formation of Sligo Walks increases access to the county's natural flora and fauna. Sligo County Council wishes to further increase the awareness of Sligo's incredible and sometimes hidden landscape in a sustainable manner. This will allow Sligo residents and visitors to Sligo an opportunity to access our natural heritage in a viable manner.

Sligo is a progressive and forward thinking County. Latest technologies and new ways of working are embraced and encouraged. There are a number of thriving Coder Dojo programmes across Sligo, which are free, volunteer-led community-based programming clubs for children and youths aged 7 to 17. Sligo County Council believes that equipping young people with the skills to enjoy technology at an early age is vital to enhance life skills and opportunities. New working environments such as co-working spaces like The Building Block in Sligo are hot beds of creative communities. New ways to disseminate and share information around landscape, literature and heritage, to sustainably develop awareness of all that Sligo has to offer and to create connections between communities and creatives are embraced as an integral part of encouraging creative communities.

The Creative Ireland programme is an invitation to all communities across Ireland to become involved in a celebration of our unique creativity. Sligo County Council welcomes this initiative and embraces the opportunity to empower communities to share equally in this celebration.

Trí Sligo Walks a bhunú méadaíodh an rochtain ar flora agus fauna an chontae. Is mian le Comhairle Chontae Shligigh feacht ar thírdhreach mórthaibhseach Shligigh, atá faoi cheilt uaireanta, a mhéadú tuilleadh ar mhodh inbhuanaithe. Ligfidh sé sin do chónaitheoirí Shligigh, agus do chuiditheoirí i Sligeach, rochtain a fháil ar ár n-oidhreacht nádúrtha ar mhodh inmharthana.

Is Contae forásach fadbhreathnaitheach é Sligeach. Glactar leis na teicneolaíochtaí is nua-aimseartha agus le modhanna nua oibre, agus tugtar spreagadh ina leith freisin. Tá roinnt clár bisúil Coder Dojo ann ar fud Shligigh, ar clubanna iad atá dírithe ar leanaí agus ar dhaoine óga san aoisghrúpa 7 go 17 mbliana d'aois, agus iad saor in aisce agus á réachtáil

ag pobail. Creideann Comhairle Chontae Shligigh go bhfuil sé riachtanach, d'fhonn scileanna saoil agus deiseanna a fheabhsú, daoine óga a ullmhú, go luath ina saol, chun leas a bhaint as an teicneolaíocht. Tá cuid mhór pobal cruthaitheacha gníomhach i dtimpeallachtaí nua oibre, ar nós spásanna comhoibre amhail The Building Block i Sligeach. Mar chuid dhílis de spreagadh a thabhairt i leith pobail chruthaitheacha a bhunú, glactar le bealaí nua chun faisnéis faoi chúrsaí tírdhreacha, litríochta agus oidhreachta a scaipeadh agus a chomhroinnt, chun feacht ar na nithe atá le tairiscint ag Sligeach a mhéadú ar mhodh inbhuanaithe, agus chun ceangail a chruthú idir pobail agus daoine cruthaitheacha.

Is ionann clár Éire Ildánach agus cuireadh do gach pobal ar fud na hÉireann chun páirt a ghlacadh i gceiliúradh ár gcruthaitheachta uathúla. Fáiltíonn Comhairle Chontae Shligigh an tionscnamh seo agus tá glactha aici leis an deis chun pobail a chumhachtú chun bheith páirteach, ar bhonn comhionann, sa cheiliúradh sin.



Image caption in Irish goes here
Image caption in English goes here

3 Fís Éire Ildánach do Shligeach

The Creative Ireland Vision for Sligo

‘IS É ATÁ i bhfís Éire Ildánach ná go mbeidh deis ag gach duine a chónaíonn in Éirinn barr a chumais nó a cumais cruthaitheachta a bhaint amach. Tá rannpháirtíocht agus rochtain lárnach don fhís. Meastar freisin go bhfuil sé riachtanach, d’fhonn an fhís a bhaint amach, ealaíontóirí agus daoine cruthaitheacha eile a chur i gceangal le pobail.’ Is é cúram Chomhairle Chontae Shligigh Colún 2 de Chlár Éire Ildánach a chur i bhfeidhm cé nach bhfuil sé teoranta don mhéid sin.

Colún 1

Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i ngach Leanbh

Colún 2

Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal

Colún 3

Infheistíocht in Infreastruchtúr na Cruthaitheachta agus an Chultúir Trína ndéantar infheistíocht inár n-infreastruchtúr cultúir

Colún 4

Éire mar Lárionad Barr Feabhais maidir le Léiriúchán na Meán Cruthaitheachta

Colún 5

Clú na hÉireann ar fud an domhain a thabhairt le chéile

Tá straitéis cúig bliana Shligigh 2017-2022 ailínithe le tionscnamh an Rialtais sa mhéid go gcuireann sí cruthaitheacht i gcoilár an pholasáí phoiblí den chéad uair agus go dtugann sí spreagadh agus tacaíocht i leith rochtain níos forleithne a bheith le fáil ar an gcruthaitheacht, agus rannpháirtíocht níos mó a bheith inti, d’fhonn feabhas a chur ar fholláine na saoránach go léir. Cothóidh sí comhordú agus comhoibriú níos fearr agus níos nuálaí idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach agus idir ealaíontóirí agus daoine cruthaitheacha, ar thaobh amháin, agus an pobal i gcoitinne, ar

‘THE VISION OF Creative Ireland is that every person living in Ireland will have the opportunity to fully realise his or her creative potential. Participation and access are central to the vision. Connecting artists and other creators to communities is also regarded as essential to realising the vision.’ Sligo County Council’s brief is chiefly though not exclusively to deliver Pillar 2 of the Creative Ireland Programme.

Pillar 1

Enabling the creative potential of every child

Pillar 2

Enabling creativity in every community

Pillar 3

Investing in our creative and cultural infrastructure

Pillar 4

Ireland as a Centre of Excellence in media production

Pillar 5

Unifying our global reputation

Sligo’s five-year strategy 2017 - 2022 aligns with the Government’s initiative in placing creativity at the centre of public policy, for the first time and in encouraging and supporting greater access to and participation in creativity to improve the wellbeing of all citizens. It will foster better and more innovative coordination and collaboration between the public and private sectors and between artists and creatives and the wider community, to empower and enable every person living in Sligo to have the opportunity to realise their full creative potential.

Though somewhat unassuming and understated in relation to its rich cultural and creative heritage, Sligo will during the term of the Strategy build upon this legacy by more actively engaging with and further supporting creativity throughout the County. In doing so,

an taobh eile, d’fhonn gach duine a chónaíonn i Sligeach a chumhachtú agus a chumasú chun deis a bheith acu barr a gcumais chruthaitheachta a bhaint amach.

Cé nach bhfuil sé de nós maíomh thar fóir a dhéanamh as oidhreacht shaibhir chultúir agus chruthaitheachta Shligigh, bainfear leas as an oidhreacht sin le linn théarma na Straitéise trí phlé níos gníomhaí a dhéanamh leis an réimse cruthaitheachta ar fud an Chontae agus trí tuilleadh tacaíochta a thabhairt dó. Ar an dóigh sin, beidh feachtas níos mó ann i measc an phobail maidir leis an gclú atá tuillte ag Sligeach mar ionad tábhachtach i réimse na cruthaitheachta, an chultúir agus na n-ealaíon.

Soláthraíonn an Straitéis seo an creat don Chontae i ndáil leis an tionscnamh náisiúnta agus tá sí ailínithe le Plean Corparáideach Shligigh, leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016-2021 agus le paraméadair bhuiséadacha. Déantar tosaíochtaí sonracha cultúir agus cruthaitheachta a shainiú inti ar tosaíochtaí iad atá bainteach le saintréithe uathúla Shligigh, lena láidreachtaí agus lena laigí agus le heispéiris agus le mianta sainráite na bpobal éagsúil atá ann. I rith na gcúig bliana atá romhainn, beidh na tosaíochtaí sin mar a bheadh treoir ann chun raon leathan ilghnéitheach clár, tionscadal agus tionscnamh cultúir agus cruthaitheachta, a bheidh i gcomhréir le fís Shligigh, a fhorbairt agus a chur i gcrích:

‘Sligeach Cruthaitheach, áit ina bhfuil eolas agus meas ag pobail ar uathúlacht thírdhreach agus oidhreacht Shligigh a bhfuil cruthaitheacht spreagtha acu agus a bhfuil na heispéiris chultúir cónaitheoirí agus cuairteoirí feabhsaithe acu. Áit a bhfuil meas aici ar chruthaitheacht agus ar chultúr agus, trí chomhoibriú agus trí chomhroinnt acmhainní, áit a sholáthraíonn níos mó deiseanna chun bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta ar gach leibhéal agus chun bheith ag gabháil do ghníomhaíochtaí den sórt sin.’

Sligo will achieve greater public awareness of its deserved reputation as a leading centre for creativity, culture and the arts.

This Strategy provides the framework for the County in relation to the national initiative and informed by the Sligo Corporate Plan, Local Economic & Community Plan 2016-2021 and budgetary parameters. It identifies specific cultural and creative priorities which have been informed by the unique characteristics of Sligo, its strengths and weaknesses and the experiences and expressed wishes of its communities. These will, for the next five years, guide the development and delivery of a wide and varied range of cultural and creative programmes, projects and initiatives which will adhere to the vision of Sligo:

‘A Creative Sligo where communities are aware of and appreciate the uniqueness of Sligo’s landscape and heritage which have inspired creativity and enriched the cultural experiences of all residents and visitors. A place that values creativity, culture and through collaboration and sharing of resources provides greater access to participate and engage in culture and creativity at all levels.’

4 Luachanna Éire Ildánach i Sligeach The Creative Ireland Values in Sligo

I DTACA LE cúrsaí Cultúir agus Cruthaitheachta i Sligeach, beidh luachanna Éire Ildánach ann mar threoir, is é sin le rá, Comhoibriú, Cumarsáid, Pobal, Rannpháirtíocht, Uilechuimsitheacht agus Cumhachtú agus cuireadh na luachanna sin san áireamh go sonrach le linn Tosaíochtaí Straitéiseacha an Chontae don tréimhse 2018-2022 a fhorbairt. Léiríonn na luachanna sin na comhchodanna a bhaineann le hearnáil rathúil inbhuanaithe chultúir agus chruthaitheachta agus, ina theannta sin, léiríonn siad mianta na ngeallsealbhóirí go léir mar a cuireadh in iúl iad le linn na teagmhála a bhí acu le Comhairle Chontae Shligigh le linn an straitéis seo a fhorbairt.

Comhoibriú

Trí chaidreamh agus trí chomhairliúchán leis an bpobal, sainaitníodh gur theastaigh go mór ó dhaoine go mbeadh comhoibriú ann le linn tionscadail nua agus gníomhaíochtaí a bheadh bunaithe ar chláir a cheapadh agus a chur i bhfeidhm, go mbeadh acmhainní agus saoráidí á gcomhroinnt agus go mbeadh deiseanna nua á gcruthú le haghaidh comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí cruthaitheachta. Beidh cothú deiseanna, agus tacú le deiseanna, le haghaidh rannpháirtíochta agus comhoibrithe i raon leathan earnálacha cultúir agus cruthaitheachta mar a bheadh bunchloch ann a chumasóidh cur i bhfeidhm na straitéise cultúir agus cruthaitheachta i Sligeach.

Cumarsáid

Ós rud é go gcónaíonn agus go n-oibríonn líon mór daoine cruthaitheacha agus ealaíontóirí i gContae Shligigh, agus ós rud é gur mian le daoine aonair agus pobail caidreamh a bhunú leo, is léir gur gá méadú a dhéanamh

CULTURE AND CREATIVITY in Sligo will be guided by the Creative Ireland values of Collaboration, Communication, Community, Participation, Inclusivity and Empowerment, which have specifically informed the development of the County's Strategic Priorities for the period 2018-2022. These values reflect the necessary ingredients of a successful and sustainable cultural and creative sector and the wishes of all stakeholders as explicitly expressed through their engagement with Sligo County Council in developing this strategy.

Collaboration

Public engagement and consultation identified an appetite for collaboration in designing and delivering new projects and programme-based activities, sharing resources and facilities and creating new opportunities for creative partnerships and alliances. Fostering and supporting opportunities to engage and collaborate across a wide range of cultural and creative sectors will form the pillar stone upon which the strategy for culture and creativity in Sligo will be realised.

Communication

The rich extent of creatives and artists who live and work in County Sligo together with the desire of individuals and communities to engage with them, has emphasised the need to increase awareness and connectivity between sectors. Establishing networks, improving lines of communication and generally increasing awareness of the opportunities to engage with communities and creatives will be a priority for the coming period and will lead to an enhanced cultural life and experience for residents of the County.

ar fheasacht agus ar nascacht in earnálacha éagsúla. Beidh bunú líonraí, feabhsú bealaí cumarsáide agus méadú feasachta i gcoitinne maidir leis na deiseanna atá ann chun bheith i dteagmháil le pobail agus le daoine cruthaitheacha ina n-ábhar tosaíochta sa tréimhse atá díreach romhainn agus is é a leanfaidh as sin ná saol agus eispéireas cultúir níos fearr do chónaitheoirí sa Chontae.

Pobal

Tá pobail i gcoilár an chultúir agus na cruthaitheachta i gContae Shligigh a mhéid a bhaineann le lucht féachana/éisteachta, rannpháirtithe agus tionóil daoine cruthaitheacha agus a mhéid a bhaineann le comhroinnt eispéireas agus acmhainní. Beidh rath na Straitéise, ó thaobh lucht féachana/éisteachta a shroicheadh ar fud an Chontae, ag brath ar chumas agus ar thoilteanas na bpobal i leith páirt a ghlacadh i soláthar deiseanna cultúir. Tabharfar tacaíocht do phobail maidir le gníomhaíochtaí cultúir a aimsiú, a chruthú agus a sholáthar ar mhaithe le gach duine agus i gcomhpháirtíocht le geallsealbhóirí eile.

Rannpháirtíocht

Déantar beogacht eanáil chultúir agus chruthaitheachta Shligigh a shabhrú nuair a chothaítear rannpháirtíocht. Trí aghaidh a thabhairt ar réimsí tábhachtacha amhail míbhuntáiste eacnamaíochta, sóisialta, fisiciúil agus geografach, tabharfar spreagadh i leith rochtain fheabhsaithe ar an gcultúr ina fhoirmeacha go léir, agus i leith rannpháirtíocht mhéadaithe ann, a éascú.

Uilechuimsitheacht

Saibhríonn an uilechuimsitheacht réimse cultúir Shligigh agus cuireann sí gnéithe nua, eispéiris

Community

Communities are at the heart of culture and creativity in County Sligo in terms of audiences, participants, gatherings of creatives and in the sharing of experiences and resources. The capacity and willingness of communities to engage in delivering cultural opportunities will determine the success of the Strategy in reaching target audiences throughout the County. Communities will be supported in accessing, creating and delivering cultural activities for the benefit of all, in partnership with other stakeholders.

Participation

The vitality of Sligo's cultural and creative sector is enriched where participation is fostered. Facilitating greater access and public engagement with culture in all its forms will be encouraged by addressing key factors such as economic, social, physical and geographical disadvantage.

Inclusivity

Inclusivity enriches Sligo's cultural scene, bringing new dimensions, experiences and unique contributions that inspire and encourage greater creativity. Including all citizens in the cultural life of the County will ensure not only that everyone has the opportunity to participate in creative activities, but that the cultural life of Sligo remains vibrant and exciting. An integrated approach to engaging with all sectors of the community especially marginalised and excluded audiences, will be encouraged and the contributions of these sectors highlighted and celebrated as part of the County's cultural mosaic. The plan aims to support culture and creativity in an environment where individual contributions are recognised and valued in

nua agus rannchuidiú uathúil ar fáil ar nithe iad sin a spreagann tuilleadh cruthaitheachta. Trí gach saoránach a chur san áireamh i saol cultúir an Chontae, cinnteofar ní hamháin go mbeidh deis ag gach duine páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha ach, freisin, go leanfaidh saol cultúir Shligigh de bheith beoga agus spreagúil. Déanfar cur chuige comhtháite i leith caidreamh a bhunú le gach earnáil de chuid an phobail, go háirithe grúpaí imeallaithe agus grúpaí eisiata, a spreagadh agus tabharfar suntas do rannchuidiú na n-earnálacha sin, agus déanfar ceiliúradh air, mar chuid de mheascán cultúir an Chontae. Tá sé mar aidhm ag an bplean tacú le cultúr agus cruthaitheacht i dtimpeallacht ina dtugtar aitheantas do rannchuidiú aonair, agus ina bhfuil meas ar rannchuidiú aonair, i gcomhthéacs na bprionsabal comhionannais a bhaineann le cine, eitneacht, inscne, claonadh gnéasach, stádas teaghlaigh, aois, cumais fhisiciúla, creideamh reiligiúnach agus creideamh polaitíochta agus, sa dóigh sin, déanfar múnla a ghlacadh atá uilechuimsitheach go hiomlán.

Cumhachtú

I gcás ina ndéantar pobail agus saoránaigh a chumhachtú chun caidreamh a bhunú le cultúr agus chun eispéiris agus deiseanna nua a chruthú, beidh tairbhe ann don phobal i gcoitinne. Trí fhaisnéis agus comhairle a sholáthar, trí acmhainní agus eispéiris a chomhroinnt agus trí spreagadh a dhéanamh, forbróidh pobail an cumas agus an mhuinín is gá chun bheith páirteach ar bhealach níos iomláine i saol cultúir Chontae Shligigh.

the context of the equality principals of race, ethnicity, gender, sexual orientation, family status, socio-economic status, age, physical abilities, religious beliefs and political beliefs, thereby subscribing to a full social inclusion model.

Empowerment

Where communities and citizens are empowered to engage directly with culture and to create new experiences and opportunities, the wider community will benefit. Through the provision of information and advice, sharing of resources and experiences and encouragement, individuals and communities will develop the capacity and confidence to engage and participate more fully in the cultural life of County Sligo.



Image caption in
Irish goes here
Image caption in
English goes here

5 Tosaíochtaí do Shligeach

Priorities for Sligo

Tosaíocht: Tallann agus Cruthaitheacht

Deiseanna agus rochtain a chur chun cinn i ndáil le tionscnaimh a spreagann, a neartaíonn agus a leathnaíonn tallann, scileanna agus samhlaíocht i réimse an chultúir agus na cruthaitheachta. Ón tráth a dhéantar moladh i leith tionscnamh áirithe go dtí go gcuirtear i gcrích é, is ceart rochtain a bheith ag gach duine agus ag gach pobal a ghlacann páirt san earnáil chruthaitheachta agus chultúir ar an eispéireas is airde caighdeán atá at fáil i gContae Shligigh, gan aon eisceacht a bheith ann. Is ceart gur tairbhí frithpháirteacha suntasacha iad na tairbhí atá le fáil ó thacú le gairmithe cruthaitheachta agus cultúir agus na tairbhí atá le fáil ó spreagadh a thabhairt i leith tallann agus cruthaitheacht daoine neamhghairmiúla.

Cuspóirí

1. Méadú a dhéanamh ar an tacaíocht do chláreagrú agus do thionscnaimh a sholáthraíonn oiliúint agus deiseanna líonrúcháin dóibh siúd a oibríonn mar ghairmithe sa tionscal cruthaitheachta agus cultúir d'fhonn cabhair a thabhairt maidir le feabhsú inmhharthanachta, méadú feasachta margaidh agus cur chun cinn na forbartha gairmréime laistigh den earnáil.
2. Spreagadh a thabhairt i leith cláir atá dírithe ar thacú le healaíontóirí agus le daoine cruthaitheacha méadú a dhéanamh ar a gcumas chun beatha inbhuanaithe a shaothrú i Sligeach agus rannchuidiú lenár bpobail e.g. cláir náisiúnta a chruthaíonn fostaíocht agus tacaíochtaí.
3. Tacú le healaíontóirí agus le daoine cruthaitheacha múnla praiticiúil a chur ar bun a chuideoidh le ceangail agus líonraí a chruthú ina measc siúd a bhfuil fonn orthu tuilleadh eolais a fháil faoi phróiseas na cruthaitheachta. Áiríonn sé sin, mar

Priority: Talent and Creativity

Promote opportunities for and access to, initiatives that ignite, strengthen and expand cultural and creative talent, skill and imagination. Every person and community engaging with the creative and cultural sector, from inspiration to the final offering, should have access to the highest quality experience that is available in County Sligo, with no exceptions. The benefits to be gained from supporting creative and cultural professionals, as well as those arising from encouraging the talent and creativity of non-professionals, should be mutual and significant.

Objectives

1. Augment support towards programming and initiatives that provide training and networking opportunities for those working as professionals in the creative and cultural industry, to help improve viability, increase market awareness and promote career development within the sector.
2. Encourage programmes aimed at supporting artists and creatives to increase their capacity to make a sustainable living in Sligo and contribute to our communities, e.g. national programmes which generate employment and supports.
3. Support professional artists and creatives to establish a practical model that assists the formation of connections and networks with those eager to learn more about the creative process. This can include, for example, children, early years education, schools, new communities, people with disabilities and the elderly.
4. Support initiatives for young and emerging artists and creatives, which can assist paths

- shampla, leanaí, oideachas luathóige, scoileanna, pobail nua, daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta.
4. Tacú le tionscnaimh d'ealaíontóirí óga agus d'ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn, ar tionscnaimh iad ar féidir leo cabhair a thabhairt maidir le fostaíocht a bhaint amach e.g. printíseachtaí agus cláir mheantóireachta.
5. Comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí nua a thugann spreagadh agus tacaíocht i leith bealaí nuálacha le haghaidh comhoibriú i réimsí na healaíne, na ceardaíochta, na dearthóireachta, na hoidhreacht, na seandálaíochta, an oideachais, na turasoireachta agus an tionscail e.g. Tionscadal Scannánaíochta Shligigh/Ros Comáin (SLR), www.slrfilm.eu WRAP, Comhpháirtíocht IWAK/LA, an Diaspóra.

Tosaíocht: Pobail Chruthaitheacha

Tacú le cultúr agus cruthaitheacht i bpobail ar fud Chontae Shligigh agus, ar an dóigh sin, naisc a bhunú idir daoine trí bhíthin na héagsúlachta áite, cumais, staire, féiniúlachta, fise agus oidhreacht agus beag beann ar an éagsúlacht sin. Is ceart deis a bheith ag gach pobal i gContae Shligigh chun cultúr agus cruthaitheacht a léirmhíniú agus a mhúnlú, agus chun inspioráid a thabhairt ina leith, ar mhaithe le glúnta na linne seo agus ar mhaithe leis na glúnta atá le teacht inár ndiaidh.

Cuspóirí

1. Tacú le féilte agus le himeachtaí a reáchtáiltear i suíomhanna éagsúla ar fud an Chontae, agus sin a dhéanamh de réir agus faoi réir straitéisí agus pleananna eile, mar shampla, Straitéis Turasoireachta Chontae Shligigh 2018-2023, an Plean

to employment, e.g. apprenticeships and mentoring programmes.

5. New partnerships and alliances which encourage and support innovative and novel ways of collaboration across art, craft, design, heritage, archaeology, education, tourism and industry, e.g. the Sligo Leitrim Roscommon (SLR) Film Project, www.slrfilm.eu, WRAP, IWAK/LA Partnership, Diaspora.

Priority: Creative Communities

Support culture and creativity among communities throughout County Sligo, where bonds are formed by people through a rich diversity of connections including and expanding beyond, place, ability, history, identity, vision and heritage. All communities within County Sligo should have the opportunity to interpret, inspire and shape culture and creativity for current and future generations.

Objectives

1. Support festivals and events that take place in a wide variety of settings throughout the County in accordance and consistent with other strategies and plans, for example the County Sligo Tourism Strategy 2018-2023, Local Economic and Community Plan (LECP) 2016-2021, Sligo Corporate Plan, Sligo County Library, Museum and Cultural Services Library Development Plan, as well as current and future Arts and Heritage Plans.
2. Strengthen the capacity of cultural programmers and organisers to be more inclusive, to improve accessibility and to encourage increased public engagement.
3. Support initiatives aimed at promoting meaningful engagement between high

- Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) 2016-2021, Plean Corparáideach Shligigh, Plean Forbartha Sheirbhísí Leabharlainne, Mhúsaem agus Cultúir Chontae Shligigh, gan trácht ar Phleananna Ealaíon agus Oidhreachta atá ann cheana féin agus a bheidh ann amach anseo.
- Cumas an lucht eagraithe clár a neartú le go mbeidh na cláir níos uilechuimsithí, le go gcuirfead feabhas ar rochtain agus le go spreagfar rannpháirtíocht níos mó i measc an phobail.
 - Tacú le tionscnaimh atá dírithe ar chaidreamh fóna a chur chun cinn idir tionscnaimh ardchaighdeán chultúir agus chruthaitheachta agus leanaí agus daoine óga.
 - Spreagadh a thabhairt d'eagraíochtaí cultúir comhoibriú agus comhpháirtíocht a chur ar bun, trí mhúnla dea-chleachtais agus trí ardáin chomhroinnt faisnéise, d'fhonn feabhas a chur ar fheasacht, ar inbhuanaitheacht, ar uilechuimsitheacht agus ar mheas laistigh den Chontae i dtaca le rochtain, teachtadh, luach agus tairbhí ó thaobh cúrsaí cultúir agus cruthaitheachta sa Chontae.
 - Tacú le pobail agus le heagraíochtaí cultúir agus cruthaitheacht a neartú trí chomhpháirtíochtaí de chineál áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhunú d'fhonn comhroinnt faisnéise, acmhainní agus dea-chleachtais a chur chun cinn.
 - Feasacht ar shaibhreas na n-imeachtaí cultúir agus cruthaitheachta atá ann sa Chontae a mhéadú, agus spéis a chothú sna himeachtaí sin, i measc na bpobal atá ann i gContae Shligigh, sa chéad ásc, agus, ina dhiaidh sin, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

- quality cultural and creative initiatives and children and young people.
- Encourage cultural organisations to collaborate and partner, through a model of good practice and information sharing platforms, to improve awareness, sustainability, inclusion and appreciation within County Sligo of the accessibility, enjoyment, value and benefits of the culture and creativity in the County.
 - Support communities and organisations to strengthen culture and creativity by building local, regional, national and international partnerships to share information, resources and best practice.
 - Raise awareness offend create interest in, the wealth of cultural and creative offerings within the County, first among the people of all communities within County Sligo, then nationally and internationally.
 - Support festivals, seminars, outings, exhibitions and other initiatives that emphasise the unique landscape and irreplaceable heritage of County Sligo and how these have and continue to influence the cultural offering of the County, enhancing pride of place and visitor experiences.
 - Reach new audiences in telling the cultural stories of Sligo in a creative and engaging manner.
 - With the support of Sligo's Culture Team and Sligo Volunteer Centre, promote active citizenship and volunteerism through the culture and creativity sectors.

- Tacú le féilte, le seimineáir, le tionscadail, le taispeántais agus le tionscnaimh eile trína dtugtar suntas do thórdhreach uathúil agus d'oidhreach gan mhacasamhail Chontae Shligigh don tslí ina n-imríonn ócáidí den sórt sin tionchar, agus ina leanfaidh siad de thionchar a imirt, ar shaol cultúir an Chontae agus ina gcuireann siad feabhas ar mhórtas áite agus ar eispéireas cuairteoirí.
- Lucht féachana/éisteachta nua a shroicheadh d'fhonn scéalta faoi chultúr Shligigh a insint dóibh ar mhodh cruthaitheach spreagúil.
- Le tacaíocht ó Mheitheal Cultúir Shligigh agus ó Ionad Oibríthe Deonacha Shligigh, saoránacht ghníomhach agus obair dheonach a chur chun cinn in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta.

Tosaíocht: Nascacht & Infreastruchtúr

Chun leas a bhaint as sócmhainní an chultúir agus na cruthaitheachta beidh gá le cur chuige a dhíreoidh go háirithe ar úsáid nuálach spásanna, ar chomhroinnt tairbhí agus físe agus ar thuiscint níos leithne ar an tionchar agus ar na tairbhí a ghabhann le cultúr agus cruthaitheacht sa chontae.

Cuspóirí

- Iníúchadh a dhéanamh ar an infreastruchtúr cruthaitheachta agus cultúir sa chontae agus athbhreithniú a dhéanamh ar easnaimh infreastruchtúir, i.e. leabharlann agus músaem Chathair Shligigh, spás goir, stiúideonna d'ealaíontóirí, spás dearthóireachta agus taispeána, etc. An méid sin a úsáid mar mhodh chun maistirphlean a chur i bhfeidhm d'fhonn "Spásanna Cruthaitheacha" a fhorbairt, ar bhealach pleanáilte, i lár Chathair Shligigh.
- Deiseanna líonrúcháin do ghnóthaí, do

Priority: Connectivity & Infrastructure

Harnessing the assets of culture and creativity will require an approach that focuses particularly in the innovative use of space, sharing of experience and vision and a wider appreciation of the impact and benefits of culture and creativity to the County.

Objectives

- Audit the creative and cultural infrastructure in the county and review the infrastructural deficits, i.e. Sligo City's library and museum, incubation space, artists' studios, design and showcase space, etc. Use this as a means to implement a masterplan to develop "Creative spaces" in Sligo City centre in a planned manner.
- Provide networking opportunities for businesses, creatives and cultural professionals to work together, demonstrating the potential for joint innovation of a collaborative nature, similar to, for example, Made in Sligo, Work Matters, The Building Block, Sligo Business Improvement District (BID), etc.
- Work towards establishing creative hubs in County Sligo, through libraries and arts venues, to help nurture and incubate the next generation of artists, cultural entrepreneurs and creative businesses. The main aim of these hubs is to bring people together in spaces that encourage development and collaboration. Ensure that a number of the creative hubs, exhibition and creative spaces include high-visibility venues, both temporary and permanent.
- Increase the availability and diversity of multi-use, exhibition and creative space in County Sligo, including, for example, the use of pop-up spaces in empty urban and rural units for collaboration, exhibition

dhaoine cruthaitheacha agus do ghairmithe cultúir a chur chun cinn le go mbeidh siad ina ann oibriú i gcomhar lena chéile, rud a léireoidh an cumas i leith nuálaíocht chomhpháirteach de chineál comhoibríoch ar aon dul leis na tionscnaimh seo a leanas: Made in Sligo, Work Matters, The Building Block, Sligo Business Improvement District (BID), etc..

3. Oibriú chun moil chruthaitheachta a bhunú i gContae Shligigh in ionaid leabharlainne agus ealaíon chun cabhair a thabhairt maidir le cothú agus cruthú na chéad glúine eile d'ealaíontóirí, d'fhiontraithe cultúir agus de ghnóthaí cruthaitheachta. Is é a bheidh mar phríomhaidhm ag na moil sin ná daoine a thabhairt le chéile i spásanna ina spreagtar forbairt agus comhoibriú. A chinntiú go mbeidh ionaid thábhachtacha taispeántais agus cruthaitheachta ann i measc na mol cruthaitheachta, idir ionaid shealadacha agus ionaid bhuana.
4. Méadú a dhéanamh ar infhaighteacht agus ar éagsúlacht na spásanna ilúsáide, taispeántais agus cruthaitheachta i gContae Shligigh lena n-áirítear, mar shampla, preabspásanna a úsáid in aonaid fholmha i gceantair uirbeacha agus thuaithe le haghaidh comhoibriú, taispeántas agus imeachtaí Chuige sin, beidh gá le comhoibriú suntasach san earnáil chultúir agus chruthaitheachta agus aird á tabhairt go háirithe ar úsáid nuálach spáis.
5. Sásraí a sholáthar do dhaoine cruthaitheacha, do phobail, do ghnóthaí agus do dhaoine aonair le go mbeidh siad in ann teagmháil a dhéanamh lena chéile le linn deiseanna nua i leith comhpháirtíocht chultúir a scrúdú.

- and events. This will require significant collaboration within the creative and cultural sector, focusing particularly on a new and innovative use of space.
5. Provide mechanisms for creatives, communities, businesses and individuals to connect and engage with each other in exploring new opportunities for cultural partnership.

Image caption in Irish goes here
Image caption in English goes here



Tosaíocht: Cruthaitheacht & Nuálaíocht

Aitheantas a thabhairt do Shligeach mar phríomhionad le haghaidh nuálaíocht chruthaitheach, áit ina meascann gach guth agus gach cineál cruthaitheachta le cineálacha ealaíne níos traidisiúnta, agus ina bhfaigheann siad inspioráid óna chéile, chun aschuir agus torthaí a bhaint amach. A chinntiú go gcuirtear sainmhínte nua ar chruthaitheacht agus ar chultúr san áireamh i dtionscnaimh a bheidh ann amach anseo, go háirithe i ndáil le réimsí neamhthraidisiúnta nach ndéantar a dtionchar ar an earnáil, ná a dtairbhe don earnáil, a aithint nó a thuiscint go forleathan. Go háirithe, comhoibriú le comhpháirtithe pobail agus le daoine cruthaitheacha a úsáideann na teicneolaíochtaí is nua-aimseartha agus modhanna oibre nuálacha, amhail Coder Dojo, ardáin dhigitithe, líonraí pobail ar líne agus tionscnaimh eile atá le ceapadh fós nó le cur san áireamh ar mhaithe leis na tairbhí cultúir a ghabhann leo, d'fhonn nuálaíocht a chothú i bpolasaithe, i gcláir agus i seirbhísí a bhaineann le cúrsaí cultúir agus é mar aidhm aige sin cumas iomlán cruthaitheachta Shligigh a bhaint amach.

Cuspóirí

1. Tacú le gairmithe agus le tionscail i réimse na cruthaitheachta chun leas a bhaint as an teicneolaíocht is nua-aimseartha chun oidhreacht nádúrtha agus fhoirgnithe agus imeachtaí cultúir Shligigh a chur ar taispeáint agus chun feasacht a chruthú, agus rochtain a fheabhsú, ar na nithe sin.
2. Tionscnaimh nua a chur i bhfeidhm chun saibhreas agus éagsúlacht Shligigh, i dtaca le cúrsaí cruthaitheachta agus cultúir, a chur chun cinn agus a chur ar taispeáint, mar shampla, mór-Chomhdháil Chultúir agus Chruthaitheachta a sheoladh i Sligeach.

Priority: Creativity & Innovation

Recognise Sligo as a leading centre for creative innovation, a place where all voices and forms of creativity mix with and are inspired by more traditional art forms and culture to produce outputs and outcomes. Ensure that new definitions of creativity and culture are included in future initiatives, specifically non-traditional forms whose impact upon and benefit to the sector are not widely recognised or appreciated. In particular, collaborate with community partners and those creatives working with latest technologies and innovative approaches, such as Coder Dojo, digitised platforms, online community networks and other initiatives yet to be identified or valued for their cultural benefits, to foster innovation in cultural policies, programs and services to realise the full creative potential of Sligo.

Objectives

1. Support creative professionals and industries to utilise latest technology that can centralise, create awareness of and improve accessibility to, Sligo's natural and built heritage and cultural offering.
2. Implement new initiatives to promote and showcase Sligo's wealth and diversity of the creative and cultural endeavour, for example, a major Cultural and Creativity Conference to be held in Sligo.
3. Engage with Third Level Institutions, Local Enterprise Office, LEADER Programme 2014-2020, Western Development Commission, as well as other local and regional bodies to explore new possibilities to increase the scale of creativity and innovation through regional collaboration.
4. Through the Culture and Creativity Plan, facilitate and support professionals, organisations and enterprises utilising

3. Caidreamh a bhunú le hInstitiúidí Tríú Leibhéal, le hOifigí Fiontair Áitiúil, le Clár LEADER 2014-2020, le Coimisiún Forbartha an Iarthair agus, chomh maith leis sin, le comhlachtaí poiblí agus réigiúnacha eile, chun scrúdú a dhéanamh ar fhéidearthachtaí nua i ndáil le méadú scála na cruthaitheachta agus na nuálaíochta trí chomhoibriú réigiúnach.
4. Tríd an bPlean Cultúir agus Cruthaitheachta, éascaíocht agus tacaíocht a chur ar fáil do ghairmithe, d'eagraíochtaí agus d'fhiontair i leith leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua chun nasc a chruthú, agus comhoibriú a dhéanamh, le cláir chruthaitheachta agus chultúir sa Chontae.
5. Idirchaidreamh a dhéanamh leis an earnáil oideachais ar gach leibhéal chun úsáidí cruthaitheacha agus cultúrtha teicneolaíochtaí a chur ar taispeántas agus a chur chun cinn agus chun tuilleadh smaointeoireachta agus comhoibrithe de chineál cruthaitheach a spreagadh.

5. **latest technologies to connect and collaborate with creative and cultural programming within the County.**
5. **Liaise with the educational sector at all levels to showcase and promote creative and cultural uses of innovative technologies and to encourage further creative thinking and collaboration.**



Image caption in
Irish goes here
Image caption in
English goes here

Tosaíocht: Timpeallacht Inspioráideach & Oidhreacht Uathúil

Feasacht, tuiscint agus cur chun cinn inbhuanaithe a chothú i ndáil le tírdhreach suaithinseach agus oidhreacht chultúir Chontae Shligigh ar cuid d'fhéiniúlacht uathúil Shligigh iad, a bhfuil tionchar imeartha acu ar an bhféiniúlacht sin, agus a leanann de dhaoine cruthaitheacha agus de phobail chruthaitheacha a mhealladh agus a spreagadh. Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do phobail áitiúla agus do dhaoine cruthaitheacha laistigh de Chontae Shligigh, agus meas agus cúram á léiriú i leith réimse uathúil cultúir Shligigh. Deiseanna a sholáthar chun an tírdhreach a bhfuair W.B. Yeats, agus a shiblí, inspioráid uaidh, go háirithe an tseandálaíocht, an timpeallacht stairiúil fhoirgnithe agus an oidhreacht nádúrtha, a léirmhíniú, chun rochtain a fháil air agus chun teacht faoina anáil.

Cuspóirí

1. Méadú a dhéanamh ar an bhfeasacht agus ar an tuiscint atá ann i measc an phobail i leith tírdhreach uathúil, oidhreacht agus scéalta Chontae Shligigh, agus i leith thionchar na nithe sin ar oidhreacht chultúir agus chruthaitheachta an chontae.
2. Féachaint le tírdhreacha iogaire cultúir agus sócmhainní oidhreachta gan mhacasamhail a choimirciú trí bhainistiú, léirmhíniú agus rochtain inbhuanaithe a éascú.
3. Spreagadh a thabhairt do phobail chun teacht le chéile agus gníomhaíochta cruthaitheacha a eagrú a bhfuil baint acu lena dtírdhreach áitiúil agus lena n-oidhreacht chultúir d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar an tábhacht agus an luach atá ag oidhreacht chultúir Shligigh i dtaca le pobail chomhtháite láidre a neartú agus i dtaca le tacaíocht a thabhairt dóibh.

Priority: Inspiring Environment & Unique Heritage

Cultivate awareness, appreciation and the sustainable promotion of County Sligo's dramatic landscape and cultural heritage which has informed and influenced Sligo's unique identity and continues to attract and inspire creatives and communities. Encourage and support local communities and creatives within County Sligo in understanding, valuing and caring for Sligo's unique cultural landscape. Provide opportunities to interpret, access and be influenced by the landscape that inspired W.B. Yeats and his siblings, especially its archaeology, historic built environment and natural heritage.

Objectives

1. Raise local awareness and appreciation of the unique landscape, heritage and stories of County Sligo and their influence on the culture and creative legacy of the county.
2. Seek to safeguard sensitive cultural landscapes and irreplaceable heritage assets through facilitating sustainable management, interpretation and access to them.
3. Encourage communities to collaborate and creatively engage with their local landscape and cultural heritage in order to explore the importance and value of Sligo's cultural heritage in supporting and strengthening cohesive and resilient communities.
4. Emphasise the role and impact of the cultural landscape on the commercial, social, cultural and political development of the County and how it can and should shape the future of Sligo.
5. Inform communities and visitors of the international importance and uniqueness of Sligo's physical and cultural landscape through the use of innovative and creative

4. Béim a leagan ar ról agus ar thionchar an tírdhreacha cultúir a mhéid a bhaineann le forbairt tráchtála, shóisialta, chultúir agus pholaitíochta an Chontae agus ar an tslí ina féidir leis an tírdhreach sin, agus inar ceart dó, todhchaí Shligigh a mhúnlú.
5. Tábhacht idirnáisiúnta agus uathúlacht thírdhreach fisiciúil agus thírdhreach cultúir Shligigh a chur in iúl do phobail agus do chuiditheoirí trí úsáid a bhaint as cur chuige nuálach cruthaitheach maidir le ‘Scéal Shligigh a Insint’.
6. An leas is mó agus is féidir a bhaint as na tairbhí cruthaitheachta agus cultúir a bheidh ann, don Chontae agus do na glúnta atá le teacht, mar thoradh ar thírdhreach agus oidhreacht an Chontae a bhainistiú agus a chur chun cinn ar mhodh inbhuanaithe agus ar mhodh ina bhfeabhsaítear folláine na bpobal atá ann i gContae Shligigh agus eispéireas na gcuiditheoirí a thagann chuig Contae Shligigh.
7. Tacaíocht a sholáthar do phobail maidir le míreanna tábhachtacha den tírdhreach áitiúil agus den oidhreacht áitiúil a shainaithint agus maidir le tábhacht na nithe sin a thuiscint, maidir le dul i mbun tionscnaimh lena bhféachtar le heolas a chur ar fáil don lucht féachana/éisteachta, agus maidir le faisnéis faoin tírdhreach a chomhroinnt agus rochtain ar an tírdhreach a chur ar fáil go fisiciúil agus go digiteach.
8. Socrú a dhéanamh maidir le coimisiúnú agus maoiniú tionscnamh cruthaitheachta a leagann béim ar thimpeallacht nádúrtha agus ar thimpeallacht fhoirgnithe an Chontae, agus leas á baint as oidhreacht chruthaitheachta na nglúnta a bhí ann romhainn.

- approaches to ‘Tell the story of Sligo’.
6. Maximise the cultural and creative benefits to the County and to future generations, arising from the sustainable management and promotion of the County’s landscape and heritage that enhance the wellbeing of communities and the experience of visitors to County Sligo.
 7. Provide support to communities in identifying and understanding the importance of local landscapes and heritage, in undertaking initiatives that seek to inform audiences and to share information about and access to the landscape, physical and digitally.
 8. Provide for the commissioning and funding of creative initiatives that emphasise the natural and built environment of the County and build upon the creative legacies of past generations.
 9. Encourage the promotion, active use and preservation of the Irish language across all areas of activity of the Culture Team.

9. Spreagadh a thabhairt i leith chur chun cinn, úsáid ghníomhach agus chur i láthair na Gaeilge i ngach réimse gníomhaíochta de chuid na Meithle Cultúir.

Tosaíocht: Acmhainní & Faireachán

Modh oibre a chur ar bun ar dá réir a bheidh ról ceannais ag an Meitheal Cultúir i ndáil le Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Shligigh 2018-2022, agus iad ag obair i gcomhar le geallsealbhóirí ábhartha eile, chun comhoibriú, nuálaíocht agus sármhaitheas a chur chun cinn.

Cuspóirí

1. Cur chuige intomhaiste a fhorbairt i ndáil le gach tosaíocht ar leith le go mbeifear in ann nithe atá bainte amach a léiriú agus tuairiscí a thabhairt faoin dul chun cinn. Mar shampla, d’fhéadfadh cás-staidéir, múnlaí dea-chleachtais agus torthaí intomhaiste a bheith i gceist leis an gcur chuige sin.
2. Próiseas a shainaithint agus a chur i bhfeidhm ar dá réir is féidir cur chuige intomhaiste den sórt sin a thairbhí, Sligeach a chumasú chun faisnéis den sórt sin a ionchur i gcórais tagarmharcála amhail Monatóir uile-Eorpach na gCathracha Cultúir agus Cruthaitheachta,
3. Straitéis Chumarsáide a ullmhú chun feachtas faoin Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Shligigh a mhéadú, lena n-áirítear treoirleite maidir le brandáil a chur ar fáil le haghaidh na gclár go léir a mhaoinítear faoin straitéis.
4. Mapáil chuimsitheach a dhéanamh ar earnáil an chultúir agus na ndaoine cruthaitheacha a mhéid a bhaineann le gairmithe atá ag obair san earnáil agus a mhéid a bhaineann leis na spásanna atá á n-úsáid, nó atá ar fáil lena n-úsáid, ag an earnáil.

Priority: Resourcing & Monitoring

Establish a working arrangement whereby Sligo’s Culture and Creativity Strategy 2018-2022 will be led by the Culture Team, in conjunction with other relevant stakeholders, promoting collaboration, innovation and excellence.

Objectives

1. Develop measurable approaches to each priority, to demonstrate achievements and report on progress. These can include, for example, case studies, models of good practice and other measurable outcomes.
2. Identify and implement a process by which such measurable approaches can be recorded, with potential for Sligo to input such information into benchmark systems such as, for example, the EU- wide Cultural and Creative Cities Monitor.
3. Prepare a Communications Strategy to raise awareness of Sligo’s Culture and Creativity Strategy, including the provision of branding guidelines for all programmes funded under the strategy.
4. Comprehensive mapping of the cultural and creative sector in terms of professionals working in this sector and available spaces utilised or available for use.

6 Plean Forfheidhmiúcháin Implementation Plan

TRÍD AN BPLEAN cúig bliana seo le haghaidh Cúrsaí Cultúir agus Cruthaitheachta i gContae Shligigh, táthar ag féachaint le cruthaitheacht a chothú, agus le tacaíocht a thabhairt do chruthaitheacht, inar gcuid pobal, le méadú a dhéanamh ar an rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí ardchaighdeán cultúir, le comhoibriú a spreagadh i measc na n-earnálacha go léir agus leis an méid atá le tairiscint ag Sligeach a chur in iúl i gcéin agus i gcóngar. Tá an plean áitiúil i gcomhréir le cuspóirí náisiúnta Éire Ildánach ó thaobh an chruthaitheachta a chur i gcroílár an pholasáí phoiblí. Tá achoimre le fáil anseo thíos ar chuspóirí tosaigh gearrthéarmacha Bhliain 1 2018 ar cuspóirí iad atá ailínithe leis na tosaíochtaí agus leis na cuspóirí foriomlána atá leagtha amach sa phlean seo.

Mapáil Chultúir

Céim a hAon d'athbhreithniú cuimsitheach ar acmhainní agus ar shaoráidí cultúir atá ar fáil, nó a d'fhéadfadh teacht chun bheith ar fáil, le haghaidh úsáid chultúir agus chruthaitheachta. D'fhónfadh an mhapáil sin mar réamhobair i leith moil agus líonraí cruthaitheachta a chruthú thar ré an phlean cúig bliana seo. Tionscadal comhoibríoch a bheidh ann agus bainfear úsáid as faisnéis agus as acmhainní atá ar fáil ó fhoinsí eile e.g. An Mheitheal Pobail & Eacnamaíochta, Oifig Fiontair Áitiúil Shligigh, Coimisiún Forbartha an Iarthair.

Iarraidh Oscailte

Déanfar iarraidh oscailte le haghaidh maoiniúcháin do dhaoine cruthaitheacha agus d'ealaíontóirí a bheidh ag obair i suíomhanna comhoibríocha in éineacht le pobail/in ionaid is díol spéise/leis na teicneolaíochtaí is nua-aimseartha a fhógairt i mí Bhealtaine 2018 i gcomhair tionscadail a bheidh ar siúl sa tréimhse ó Iúil go Nollaig 2018. Beart comhoibríoch a bheidh i gceist leis an iarraidh oscailte agus is iad an

THIS FIVE-YEAR County Sligo Culture and Creativity plan seeks to nurture and support creativity in our communities, increase participation in high quality cultural activities, encourage collaboration across sectors and communicate both near and far all that Sligo has to offer. The local plan ties in with the national objectives of Creative Ireland to place creativity at the centre of public policy. The following outlines the initial short-term objectives for Year 1, 2018, which will feed into the wider priorities and objectives as outlined in this plan.

Cultural Mapping

Phase One of a comprehensive review of the cultural resources and facilities, which are available or could become available for cultural and creative use. This mapping would form the groundwork for the formation of creative hubs and networks over the course of this five-year plan. This will be a collaborative project, making use of information and resources available from other sources, e.g. Community & Economic Team, Sligo LEO, Western Development Commission.

Open Call

An open call for funding for creatives and artists to work in collaborative settings with communities / places of interest / latest technologies will be announced in May 2018 for projects to take place from July to December 2018. The open call will be a collaborative action, led by members of the Culture Team, arts and cultural institutions. The projects may be fully realised in 2018 or may be Research and Development towards a longer-term project to commence in 2019. The projects must be collaborative in nature. Full details and criteria will be announced in May 2018.

Mheitheal Cultúir agus na hinstiúidí ealaíon agus cultúir a bheidh i gceannas ar an obair. Féadfar na tionscadail a chur i gcrích go hiomlán sa bhliain 2018 nó d'fhéadfadh tionscadail Taighde agus Forbartha a bheith ann i gcomhair tionscadail níos fadtéarmaí a bhfuil tús le cur leo sa bhliain 2019. Ní mór gur tionscadail de chineál comhoibríoch a bheidh ann. Déanfar mionsonraí iomlána agus na critéir iomlána a fhógairt i mí Bhealtaine 2018.

Coimisiún

Mór-choimisiún chun comóradh a dhéanamh ar thús an phlean cúig bliana maidir le Cultúr agus Cruthaitheacht i gContae Shligigh. Déanfar mionsonraí iomlána faoin gcoimisiún seo a fhoilsiú i mí Bhealtaine 2018.

Comhdháil Chultúir agus Chruthaitheachta: Ullmhúchán le haghaidh mór-Chomhdháil Chultúir agus Chruthaitheachta a bheidh le seoladh i Sligeach sa bhliain 2019. Réamhobair le tosú sa bhliain 2018 i ndáil le tionscnamh mór-Chomhdháil den sórt sin i Sligeach agus i ndáil leis na hacmhainní a bheidh ag teastáil chun í a eagrú.

Tuamaí Pasáiste na hEorpa Atlantai – Ceangail a Chruthú

Trí úsáid a bhaint as Bliain Eorpach na hOidhreacht Cultúir 2018 mar chatalaíoch trína ndéanfar ceiliúradh, agus trína dtarraingeofar aird, ar mhórláithreacha tuamaí pasáiste na hEorpa Atlantai (Éire, an Ríocht Aontaithe, an Fhrainc, an Spáinn agus an Phortaingéil), déanfaidh an tionscadal seo infheictheacht agus plé a chur chun cinn, agus spreagfaidh sé díospóireacht, faoin ngné uathúil seo dár n-oidhreacht chultúir agus, ag an am céanna, méadóidh sé an fheasacht ar an tábhacht agus ar an luach a ghabhann léi. Déanfar caidreamh le saoránaigh agus le geallsealbhóirí a éascú trí cheangail a dhéanamh agus trí scéalta a chomhroinnt.

Commission

A major commission marking the onset of the five-year Culture and Creativity plan for County Sligo. Full details of this commission will be launched in May 2018.

Cultural and Creative Conference

Preparation for major Cultural and Creative Conference to be held in Sligo in 2019. Preparatory work to commence in 2018, into the initiation and resources required to host such a major Conference in Sligo.

Passage Tombs of Atlantic Europe – Making Connections

Using European Year of Cultural Heritage 2018 as a catalyst to celebrate and shine a light on the passage tomb complexes of Atlantic Europe (Ireland, United Kingdom, France, Spain and Portugal), the project will promote visibility, conversation and encourage debate on this unique aspect of our cultural heritage, while raising awareness of its importance and value. Engagement with citizens and stakeholders will be facilitated by making connections and sharing stories.

Communications Strategy

A communications strategy to be developed which will raise awareness of Sligo's Culture and Creativity Strategy, of Sligo's cultural and creative activity and of opportunities within this framework. The Strategy will include the provision of branding guidelines for all programmes funded under the strategy. The Communications Strategy will include an element of reporting on each year's activities, which will form the basis of an end of year review. Building upon the branch network already established by Sligo Library through, for example, Work Matters and Europe Direct

Straitéis Chumarsáide

Forbrófar Straitéis Chumarsáide chun feasacht faoi Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Shligigh, faoi ghníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta Shligigh agus faoi dheiseanna atá ar fáil laistigh den chreat seo a mhéadú. Mar chuid den Straitéis, soláthrófar treoirínte maidir le brandáil le haghaidh na gclár go léir a mhaoinítear faoin straitéis. Áireofar sa Straitéis Chumarsáide tuairisciú faoi ghníomhaíochta gach bliana agus fónfaidh sé sin mar bhonn le hathbhreithniú deireadh bliana. Trí leas a bhaint as an líonra brainsí atá curtha ar bun cheana féin ag Leabharlann Shligigh, mar shampla, trí Work Matters agus Europe Direct (EDIC), is féidir leis an meitheal cumarsáide a oibriú mar fhoshraith de ghníomhaíochtaí Leabharlann Shligigh.

Oiliúint agus Meantóireacht

Clár oiliúna agus meantóireachta a fhorbairt i gcomhpháirtíocht leis an Oifig Ealaíon, le hOifig Fiontair Áitiúil Shligigh, le hInstitiúidí Tríú Leibhéal agus le dreamanna eile, chun tacú le daoine aonair agus leis na tionscail chruthaitheachta leathnú a dhéanamh ar a scileanna agus ar a n-inniúlachtaí gnó.

Fiontraíocht/Tionscnamh Gnóthaí Nua/Teach Dearthóireachta/Spás Taispeána

Scrúdú a dhéanamh i dtaobh an féidir suíomhanna oiriúnacha a chur ar fáil mar spásanna stiúideo, mar aonaid chun tús a chur le gnóthaí nua, mar ionad dearthóireachta agus mar spás taispeána de réir mar is gá. Tacú le soláthar tob-shiopa(aí) gearthearma chun saothar daoine cruthaitheacha áitiúla a chur ar taispeáint, agus sin á dhéanamh i gcomhpháirtíocht le hOifig Fiontair Áitiúil Shligigh agus le comhpháirtithe eile.

(EDIC), the communications team can be operated as a subset of the activities of Sligo Library.

Training and Mentoring

Develop, in partnership with the Arts Office, Sligo Local Enterprise Office, Third Level Institutions and others, a training and mentoring programme to support individuals and creative industries in increasing their business skills and acumen.

Enterprise/ Incubation/ Design House/ Showcase space

Examine the feasibility of providing suitable locations for studio space, incubation units, design centre and showcase space as required. Support the delivery of short-term, pop-up shop(s) to showcase the work of locally-based creatives, in partnership with Sligo LEO and other partners.

Connectivity

Support networking event(s) for artists, creatives, communities and others to meet and to showcase their activities and interests, culminating in a networking event/ trade show, to take place on the fringe of the major Cultural and Creative Conference, proposed for Sligo in 2019/2020.

Placemaking

Explore the potential for a County-wide design for interpretive signage that links the County with the creative works of W.B. Yeats and eminent Sligonians, in collaboration with the County Museum, Yeats Society, IT Sligo, PEACE IV and others and support communities in accessing funding for signage in local areas.

Nascacht

Tacú le himeacht(aí) gearr(a) líonrúcháin d'ealaíontóirí, do dhaoine cruthaitheacha, do phobail agus do dhreamanna eile ar lena linn a bheifear in ann teacht le chéile agus gníomhaíochtaí agus ábhair spéise a chur ar taispeáint, agus imeacht líonrúcháin/seó trádála a bheith ann mar thoradh air sin ar imeall na mór-Chomhdhála Cultúir agus Cruthaitheachta atá le réachtáil i Sligeach sa tréimhse 2019/2020.

Comhfhorbairt Áite

Scrúdú a dhéanamh i dtaobh an féidir teacht ar dheardh uile-Chontae le haghaidh comharthaí léirmhínte na nascann an Contae le saothair chruthaitheach W.B. Yeats agus le saothar pearsana eile de chuid Shligigh, agus sin a dhéanamh i gcomhar le Músaem an Chontae, le Cumann Yeats, le TF Shligigh, le PEACE IV agus le dreamanna eile agus tacaíocht a thabhairt do phobail maidir le maoiniúchán a fháil do chomharthaí i gceantair áitiúla.

Brandáil

Gníomhaíochtaí cruthaitheachta agus cultúir atá á soláthar ag eagraíochtaí comhpháirtíochta agus a thugann aghaidh ar Thosaíochtaí na Straitéise seo a shainiú agus, más cuí, na gníomhaíochtaí sin a chur san áireamh agus a chur chun cinn mar chuid den bhrandáil chultúir do Shligeach, mar shampla, an clár maidir le Seandálaíocht sa Phobal, Oíche an Chultúir, an Fhéile Litríochta, taispeántas Niland, gníomhaíochtaí Music Generation amhail Mór-Cheolchoirmeacha (2018) agus Coimisiún Ceoil (ag tosú sa bhliain 2018 agus a bheidh le cur i láthair sa bhliain 2019) agus, chomh maith leis sin, tionscnaimh de chuid Leabharlann Shligigh amhail The Word agus cónaitheachtaí do scríbhneoirí agus do staraithe, etc.

Branding

Identify creative and cultural activities being delivered by partner organisations, which address the Priorities of this Strategy and where appropriate include and promote such activities as part of a cultural brand for Sligo, for example Archaeology in the Community programme, Culture Night, Literary Festival, Niland exhibition, Music Generation activities such as Gala Concerts (2018) and a Music Commission (commencing in 2018, to be performed in May 2019), as well as Sligo Library initiatives such as The Word and residencies for writers and historians, etc.

6 Conclúid Conclusion

CUIREANN AN STRAITÉIS Chultúir agus Chruthaitheachta seo deis ar fáil do Shligeach a chultúr agus a chruthaitheacht a chraobhscaoileadh agus a chur ar taispeántas os comhair lucht féachana/éisteachta níos leithne agus, le linn an méid sin a dhéanamh, próifíl Shligigh mar phríomhionad cultúir a mhéadú. Is é is bonn leis an Straitéis seo ná an cháilíocht, an t-eispéireas agus an cháil a ghabhann leis an tallann áitiúil agus leagtar amach inti creat atá i gcomhréir le straitéisí agus le pleananna eile agus atá ceaptha chun caidreamh an phobail leis an gcultúr agus leis an gcruthaitheacht, agus rannpháirtíocht an phobail i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta, a neartú agus a fhorbairt. Mar thoradh ar chomhairliúchán agus ar theagmháil leis an bpobal, sainiúitear inti bealaí chun an cuspóir sin a bhaint amach laistigh de ré na Straitéise agus i gcomhréir le paraiméadair airgeadais atá ann faoi láthair. Gné thábhachtach de chur i bhfeidhm rathúil an Phlean is ea cur chuige comhoibríoch a ghlacadh ar fud an Chontae maidir le tionscnaimh chultúir agus chruthaitheachta a chothú, a fhorbairt agus a chur i gcrích, rud a chinnteoidh caidreamh agus rannpháirtíocht ar gach leibhéal den tsochaí ar mhaithe le gach uile dhuine.

THIS CULTURE AND Creativity Strategy provides Sligo with the opportunity to broadcast and showcase its culture and creativity to wider audiences and in doing so, to raise the profile of Sligo as a cultural capital. The quality, experience and reputation of locally found talent provides the basis for this Strategy, which sets forth a framework, in line with other strategies and plans, to strengthen and develop public engagement with and participation in culture and creativity. It identifies, from public consultation and involvement, ways to achieve this objective within the timeframe of the Strategy and existing financial parameters. Key to the successful implementation of the Plan is the adoption of a collaborative approach to nurturing, developing and delivering cultural and creative initiatives throughout the County, ensuring engagement and participation at all levels of society, for the benefit of all.



Image caption in
Irish goes here
Image caption in
English goes here

7 Gluais téarmaí

Glossary of terms

Ealaíona

San Acht Ealaíon 2003, is mar a leanas a shainmhínítear na healaíona: ‘aon léiriú cruthaitheach nó léirmhíneach (cibé acu traidisiúnta nó comhaimseartha) is cuma cén fhoirm ina bhfuil sé agus foláionn sé, go háirithe, amharcealaíona, amharclannaíocht, litríocht, ceol, damhsa, ceoldrámaíocht, scannánaíocht, sorcas agus ailtireacht agus foláionn sé aon mheán nuair a úsáidtear é chun na gcríoch sin.’

Ealaíontóirí

Baineann sé sin le haon duine a oibríonn ar bhonn gairmiúil sna healaíona, de réir an tsainmhíneithe thuas.

Pobal

Grúpa a chónaíonn nó a oibríonn in ionad nó in áit ar leith nó a thugann cuairt ar áir shonrach go tráthrialta. De bhreis air sin, tuigeann sé (an Chomhairle Ealaíon) go gcuimsíonn ‘pobal’ grúpaí a bhfuil an t-ábhar spéise céanna acu, mar shampla, ceol, an timpeallacht nó cearta imirceach.

Daoine Cruthaitheacha

Ciallaíonn sé sin aon duine atá ag obair i dtionscal cruthaitheachta/in earnáil chruthaitheachta, lena n-áirítear réimsí na ceardaíochta, na dearthóireachta, an fhaisin, na hailtireachta, na scannánaíochta, na grianghrafadóireachta agus an bhia.

Cultúr

Baintear úsáid as an téarma ‘cultúr’ chun tagairt a dhéanamh do nósanna, do dhearcadh, d’eispéiris agus/nó do thraidisiúin atá ag grúpaí daoine ó tharla go mbaineann siad le grúpaí áirithe náisiúnta nó eitneacha nó atá ina n-ábhar díospóide i measc grúpaí den sórt sin.

Arts

The Arts Act 2003 defines the arts as: ‘any creative or interpretative expression (whether traditional or contemporary) in whatever form and includes, in particular, visual arts, theatre, literature, music, dance, opera, film, circus and architecture and includes any medium when used for those purposes.’

Artists

This refers to anyone working professionally in the arts, as per the definition above.

Community

A group which either lives or works in a specific locality or place or which visits a specific place on a regular basis. In addition, it (The Arts Council) understands ‘community’ to encompass groups that share a particular interest, for example music, the environment or migrant rights.

Creatives

This denotes anyone working within a creative industry / sector, including craft, design, fashion, architecture, film, photography and food.

Culture

The terms ‘culture’ and ‘cultural’ are used to refer to the customs, attitudes, experiences and/or traditions that may be shared (or disputed) by groups of people, through belonging to particular national or ethnic groups.

Professional artist

This refers to an artist who relies upon their art as a source of income.

Ealaíontóir gairmiúil

Baineann sé seo le healaíontóir a bhrathann ar a ealaín/healaín le haghaidh foinse ioncaim.

Work Matters

Is é atá in Work Matters ná tionscnamh píolótach náisiúnta agus comhpháirtíocht idir Leabharlanna Shligigh agus Libraries Ireland, agus é dírithe ar thacaíocht a thabhairt do dhaoine chun scileanna a fhorbairt chun a ngairmréim, fiontraíocht agus forbairt ghairmiúil a chur chun cinn.

WRAP, Ciste Léiritheoirí Ciosamhairc Réigiún an Iarthair

Is tionscnamh é seo de chuid Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) agus Ionad Scannánaíochta na Gaillimhe. Beidh sé ar siúl ar feadh tréimhse trí bliana i gcomhar leis na húdaráis áitiúla i gcontaetha an Chláir, Dhún na nGall, na Gaillimhe, Mhaigh Eo, Ros Comáin agus Shligigh agus, chomh maith leis sin, i gcomhar le hÚdaráis na Gaeltachta.

Work Matters

Work Matters is a pilot national initiative and a partnership between Sligo Libraries and Libraries Ireland, aimed at supporting people to develop skills to further their career, enterprise and professional development.

WRAP, Western Region Audio Visual Producer's Fund

This is an initiative of the Western Development Commission (WDC) and the Galway Film Centre. It will run over a three-year period in association with the local authorities in the counties of Clare, Donegal, Galway, Mayo, Roscommon and Sligo as well as Údaráis Na Gaeltachta.



Image caption in Irish goes here
Image caption in English goes here

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022

